Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Bealtaine 2023**
**(OR. en)**

**7998/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0086(NLE)**

**PROBA 13**
**AGRI 178**
**WTO 46**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Idirnáisiúnta Grán maidir le síneadh a chur leis an gCoinbhinsiún Trádála Gráin, 1995 |

**CINNEADH (AE) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Idirnáisiúnta Grán maidir le síneadh a chur leis an gCoinbhinsiún Trádála Gráin, 1995**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Coinbhinsiún Trádála Gráin, 1995 ('an Coinbhinsiún') i gcrích le Cinneadh 96/88/CE ón gComhairle[1] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 1995. Tugadh an Coinbhinsiún i gcrích le haghaidh tréimhse 3 bliana.

(2) De bhun Airteagal 33 den Choinbhinsiún, féadfaidh an Chomhairle Idirnáisiúnta Grán síneadh a chur leis an gCoinbhinsiún le haghaidh tréimhsí comhleanúnacha nach rachaidh thar 2 bhliain gach uair. Ó tugadh an Coinbhinsiún i gcrích, cuireadh síneadh leis go tráthrialta ar feadh tréimhsí breise 2 bhliain. Cuireadh síneadh leis an gCoinbhinsiún go deireanach le cinneadh ón gComhairle Idirnáisiúnta Grán an 7 Meitheamh 2021 agus beidh sé i bhfeidhm go dtí an 30 Meitheamh 2023.

(3) Le linn an 58ú seisiún den Chomhairle Idirnáisiúnta Grán a reáchtálfar an 14 Meitheamh 2023, déanfaidh sí cinneadh maidir le síneadh a chur leis an gCoinbhinsiún go ceann tréimhse eile suas le 2 bhliain, ón 1 Iúil 2023.

(4) Táirgeoir mór gránach is ea an tAontas. Tá sé freisin ar cheann de na honnmhaireoirí is mó cruithneachta agus eorna, agus is é an t-allmhaireoir is mó arbhair Indiaigh é ar domhan. Bhí an tAontas i gcónaí ina bhall gníomhach den Chomhairle Idirnáisiúnta Grán, comhairle a bhfuil ról tábhachtach aici maidir le margaí domhanda gráin a chobhsú agus feabhas a chur ar an tslándáil bia. Dá bhrí sin, bheadh sé chun leas an Aontais é síneadh a chur leis an gCoinbhinsiún.

---

[1] Cinneadh 96/88/CE ón gComhairle an 19 Nollaig 1995 lenar fhormheas an Comhphobal Eorpach an Coinbhinsiún Trádála Gráin agus an Coinbhinsiún um Chúnamh Bia, lenar bunaíodh an Comhaontú Idirnáisiúnta Grán, 1995 (IO L 21, 27.1.1996, lch. 47).

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 58ú seisiún den Chomhairle Idirnáisiúnta Grán, maidir le síneadh a chur leis an gCoinbhinsiún, a bhunú, ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ag an gcinneadh atá beartaithe don Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 58ú seisiún den Chomhairle Idirnáisiúnta Grán, vótáilfear i bhfabhar síneadh a chur leis an gCoinbhinsiún Trádála Gráin, 1995, go ceann tréimhse eile suas le 2 bhliain ón 1 Iúil 2023 .

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm dáta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*